Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8021/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0271(COD)**

**CODEC 606**
**TRANS 200**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an toilleadh bonneagair iarnróid a úsáid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid, lena leasaítear Treoir 2012/34/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 **(an chéad leamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis faoi chúiseanna na Comhairle |

1. An 11 Iúil 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 91 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 25 Deireadh Fómhair 2023[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 1 Feabhra 2024[3].

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 12 Márta 2024[4].

[1] 11718/23 + ADD 1 go 4.
[2] IO C, C/2024/891, 6.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/891/oj.
[3] IO C, C/2024/1982, 18.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1982/oj.
[4] 10678/24.

5. An 19 Nollaig 2025, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air maidir leis an Rialachán thuasluaite[5], tar éis plé neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.

6. An 27 Eanáir 2026, dhearbhaigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) an comhaontú sealadach agus sheol Cathaoirleach an Choiste sin litir ina dhiaidh sin chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe inar sonraíodh gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch) a fhormheas gan aon leasú a dhéanamh air[6].

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle go ndéanfaidh sí an seasamh ar an gcéad léamh uaithi, a leagtar amach in 16833/25, agus an ráiteas ar chúiseanna, a leagtar amach in 16833/25 ADD 1 + COR 1, a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[5] 16098/25 + ADD 1.
[6] 7057/26.